airiste
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**

**Páidirín gach Domhnach**
**@ 6.00 i.n.**
***Fáilte roimh cách***

Dhruid Íosa féin leis na deisceabail ar an mbóthar agus shiúil sé leo.



D'aithníodar é i mbriseadh an aráin nuair a shuigh siad chun boird.

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161 BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

**Tuarastal an tSagairt don Cháisc ag teacht isteach anois.**

**Clúdaigh sna boscaí, & ar na boird do dhaoine gan bosca.**

**Míle Buíochas.**

**Oil-**




**ithreacht na Deoise go Lourdes**
**29 Meitheamh 2026**

Féach **Clár na bhFógraí.**
Óstán €995 pps.
Airithintí/Eolas: Joe Walsh Tours,
Fón:01-2410800

**Foirmeacha ar fáil Oifig an Pharóiste**



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach**
**@ 6.00i.n.**
***Fáilte roimh cách***



# Paróiste An Spidéil
## 3ú Domhnach den Cháisc
## 19 Aibreán 2026

An tAth. Daniel Gallagher www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.iUaireanta
Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | ***Cill Éinde, An Spidéal*** | |
| Dé Domhnaigh | 19ú | 11:00r.n. | Bríd & Pádraig Ó Catháin<br>Muintir Barrett<br>Maura & Dónal O Flynn<br>Stephen Ó Curraoin (Morgan) | *Leitir Meas*<br>*Baile an tSagairt/Stáit Aontaithe*<br>*Corcaigh*<br>*Doire Lochán* |
| Dé Céadaoin | 22ú | 10.00r.n. | Muintir Mc Donagh | *Leitir Mealláin* |
| Déardaoin | 23ú | 10.00r.n. | Pat Collins | *Luimneach* |
| Dé hAoine | 24ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* | |
| Dé Sathrirn | 25ú | 11.00r.n | ***Céad Comaoineach Rang 2 Scoil Éinne.*** | |
| Dé Domhnaigh | 26ú | 11:00r.n. | Ciaran Dolphin<br>Catríona Ní Oibicín<br>Muintir Uí Mhaidín | *Sidheán/BAC*<br>*Leitir Mucú/Doire Lochán Thoir*<br>*Seanaghurráin* |
| | | | ***Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*** | |
| Dé Sathairn | 18ú | 86.30i.n.<br>. | Máire & Beartla Ó Confhaola a clann mhac Seán, Tom & Pádraic & gariníon Mary<br>Patricia & Joe Morrison | <br>*Na Doireadh*<br>*Larne/Aontrom* |
| Dé Sathairn | 25ú | 6:30i.n. | Delia Larkin, (Mhicil Beag) Ní Chonghaile **Aifreann Cinn Míosa**<br>Paddy, Áine Ó hEidhin & muintir na beirte | *Na Doireadh*<br>*Leitir Caladh* |
| | | | ***Cill Mhuire, Na Minna*** | |
| Dé Domhnaigh | 19ú | 9:30am | Colm Ó Cualáin , a bhean Delia & mac Pete | *Minna* |
| Dé Domhnaigh | 25ú | 9:30am | | |

**Loinneog don Iontróid** – Sm 65:1-2
Déanaigí gairdeas do Dhia, a thíortha uile; canaigí clú a ainm; tugaigí moladh mórghlórach dó. Alleluia.

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
Go ndéana do phobal gairdeas de shíor, a Dhia, agus iad óg arís i meanma; tá áthas orthu anois mar go bhfuil sé le maíomh acu gur glacadh leo arís mar chlann agat; go raibh súil acu le lá an aiséirí, agus dóchas acu go mbeidh lúcháir rompu go dearfa. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***
**An Chéad Léacht**
*Sliocht as Gníomhartha na nAspal – 2:14, 22-33*
Lá Cincíse ag éirí ina sheasamh do Pheadar i gcuideachta an aoin déag, d'ardaigh sé a ghuth, agus labhair leo: 'A fheara Iosráél, éistigí leis na briathra seo: Íosa as Nazarat, fear a fuair dearbhú ó Dhia eadraibh, leis na cumhachtaí, na hiontais agus na míorúiltí a rinne Dia tríd in bhur measc, mar is eol daoibh féin fosta, nuair a tugadh suas é sin le comhairle chinnte, agus le réamheolas Dé, d'imir sibhse crá agus bás air trí lámha daoine urchóideacha. Agus thóg Dia suas é agus d'fhuascail ó arraingeacha an bháis é, ar an ábhar nárbh fhéidir dó sin é a choinneáil. Óir deir Dáiví faoi:
Chonaic mé an Tiarna i gcónaí os mo chomhair,
óir tá sé ar mo dheis chun nach gcorraítear mé.
Ar a shon sin bhí áthas ar mo chroí agus rinne mo theanga lúcháir, agus lena chois sin beidh m'fheoil go suaimhneach faoi dhóchas, de bhrí nach bhfágfaidh tú m'anam in ifreann, agus ní ligfidh tú do do Neach Naofa truailliú a fheiceáil.
D'fhoilsigh tú slite na beatha dom,
agus déanfaidh tú lán de lúcháir mé le do ghnúis.'
"Ní miste a rá libh go neamhbhalbh, a bhráithre, go bhfuair ár n-ardathair Dáiví bás, gur adhlacadh é agus go bhfuil a thuama anseo againn go dtí an lá inniu. Ach ó tharla gurbh fháidh é agus a fhios aige gur mhionnaigh Dia dó go gcuirfeadh sé duine dá shliocht ar a ríchathaoir, is ag cur síos a bhí sé, as a réamheolas, ar aiséirí Chríost mar 'Níor fágadh i ríocht na marbh é agus níor fhulaing a cholainn an meathlú'. Thóg Dia an Íosa seo ó mhairbh, rud a bhfuilimidne go léir inár bhfinnéithe air. Agus tar éis a ardaithe ar dheis Dé, fuair sé óna Athair an Spiorad a bhí geallta agus dhoirt amach orainne é agus is é sin atá á fheiceáil agus á chloisteáil agaibhse.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 15
*Fr: Taispeáin dúinn slí na beatha, a Thiarna.*

1. Caomhnaigh mé, a Thiarna, is ortsa a thriallaim.
Deirim leis an Tiarna: 'Is tú mo Dhia.
Is é an Tiarna is rogha liom:
mo chuid de réir oidhreachta,
agus cuid mo chailíse;
is ort atá mo sheasamh!' *(Fr)*

2. Beannaím an Tiarna
as ucht comhairle a thabhairt dom,
agus teagasc a thabhairt do mo chroí san oíche.
Coimeádaim an Tiarna de shíor os mo choinne:
agus é ar mo dheasláimh ní chorrófar mé choíche.*(Fr)*

3. Tá gairdeas ar mo chroí agus áthas ar m'anam,
agus mairfidh mo cholainn faoi shuaimhneas freisin.
Óir ní fhágfaidh tú m'anam i measc na marbh,
ná ní ligfidh tú do do mhuirneach
truailliú a fheiceáil. *(Fr)*

4. Taispeánfaidh tú slí na beatha dom,
agus iomlán lúcháire i d'fhianaise,
agus aoibhneas ar do dheasláimh go brách. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as céadlitir N. Peadar – 1:17-21*
A chlann ionúin, má ghaireann sibh Athair ar an té a thugann breith gan fabhar ar gach duine de réir a bhearta, caithigí tréimhse bhur ndeoraíochta faoi imeagla, mar gur feasach sibh nach le nithe díomuana fearacht ór agus airgead a fuasclaíodh sibh ón saobhnós maireachtála ba thraidisiún sinsir agaibh, ach le hardfhuil Chríost, an t-uan gan locht gan teimheal. Réamhcheapadh eisean sular cruthaíodh an saol, ach is i ndeireadh ré a foilsíodh é ar bhur sonsa a chreideann trídsean sa Dia a thóg ó mhairbh é agus a thug glóir dó – le go mbeadh dóchas agus muinín agaibhse as Dia.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
A Thiarna Íosa, nocht na scrioptúir dúinn; cuir ár gcroí ar lasadh ionainn le linn duit bheith ag labhairt linn.
**Alleluia!**

**Soiscéal**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Lúcás 24:13-35*
An lá sin féin, an chéad lá den tseachtain, bhí beirt de na deisceabail ag dul go dtí baile darbh ainm Eamáús a bhí céad stáid seascad ó Iarúsailéim, agus bhíodar ag comhrá le chéile faoi na nithe seo uile a bhí tar éis titim amach. Agus sa chomhrá dóibh agus sa chur trí chéile, dhruid Íosa féin leo agus shiúil lena gcois; ach bhí a súile coinnithe chun nach n--aithneoidís é. Dúirt sé leo: 'Cad iad na scéala iad seo atá sibh a reic le chéile sa tslí?' Agus stadadar suas agus iad go gruama. Dúirt duine acu leis á fhreagairt – Cleopas ab ainm dó: 'An tusa an t-aon duine amháin atá ag cur fút i Iarúsailéim atá in ainbhios ar na nithe a tharla ann sna laethe seo?' Dúirt sé leo: 'Cad iad na nithe?' Dúradar leis: 'Mar gheall ar Íosa – Nazaréanach, duine a bhí ina fháidh éifeachtach ó ghníomh agus ó bhriathar i bhfianaise Dé agus an phobail uile mar a thug ár n-ardsagairt agus ár gcinn urra ar láimh é lena dhaoradh chun báis, agus mar a chéasadar é. Agus sinne ag súil leis gurbh eisean a bhí chun Iosráél a fhuascailt! Ach chomh maith leis an méid sin uile, tá an treas lá inniu ann ó thit na nithe sin amach. Agus go deimhin, tá mná dár muintir tar éis alltacht a chur orainn. Ar dhul go dtí an tuama dóibh go moch ar maidin, nuair nach raibh a chorp le fáil acu ann, thángadar agus scéala acu, fiú amháin, gur thaispeáin aingil iad féin dóibh a dúirt go bhfuil sé beo. Chuaigh cuid dár gcompánaigh go dtí an tuama ansin, agus fuaireadar gurbh amhlaidh a bhí mar a dúirt na mná, ach ní fhacadar é féin.'
Ansin dúirt sé féin leo: 'A dhaoine gan tuiscint atá dúr ó chroí chun a bhfuil ráite ag na fáithe a chreidiúint! Nárbh fholáir go bhfulaingeodh an Críost na nithe úd chun go dtiocfadh sé isteach ina ghlóir?' Agus ag tosú dó ó Mhaois agus ó na fáithe uile, mhínigh sé dóibh na nithe a bhí sna scrioptúir uile mar gheall air féin. Nuair a bhíodar i ngar don bhaile ar a raibh a dtriall, bhí de chuma air féin go raibh sé ag dul níos faide, agus rinneadar tathaint air á rá: 'Fan againn, óir tá sé i mbéal tráthnóna agus an lá siar síos cheana féin.' Chuaigh sé isteach dá réir sin chun fanacht acu. Agus ansin, nuair a bhí sé ag bord ina gcuibhreann, thóg sé an t-arán agus bheannaigh, bhris sé ansin agus thug dóibh é. Osclaíodh a súile agus d'aithníodar é; ach chuaigh sé ar neamhní uathu. Agus dúradar le chéile: 'Nach raibh ár gcroí ar lasadh ionainn le linn dó bheith ag labhairt linn feadh na slí, agus é ag nochtadh na scrioptúr dúinn?' Chuireadar chun bóthair an uair sin féin agus chuadar ar ais go Iarúsailéim. Fuaireadar an t-aon duine dhéag agus a gcompánaigh bailithe le chéile agus é de scéal acu: 'Tá an Tiarna éirithe go deimhin agus chonacthas do Shíomón é.' Agus rinneadar féin ar tharla sa tslí a aithris, agus mar a d'aithníodar é i mbriseadh an aráin.
*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

**Os Cionn na nOfrálacha**
Glac na bronntanais a ofrálann do eaglais le teann áthais, achainímid a Thiarna. Nach éachtach an chúis lúcháire a thug tú di. Dáil uirthi chomh maith an t-aoibhneas síoraí. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen**
Rundiamhair an Chreidimh:
Táimid ag fógairt do bhá

**Iarchomaoineach**
Dia dó go gcuirfeadh sé duine dá shliocht ar a ríchathaoir, is ag cur síos a bhí sé, as a réamheolas, ar aiséirí Chríost mar 'Níor fágadh i ríocht na marbh é agus níor fhulaing a cholainn an meathlú'. Thóg Dia an Íosa seo ó mhairbh, rud a bhfuilimidne go léir inár bhfinnéithe air. Agus tar éis a ardaithe ar dheis Dé, fuair sé óna Athair an Spiorad a bhí geallta agus dhoirt amach orainne é agus is é sin atá á
*20:*
síoraí. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.
**Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.**

**Iarchomaoineach**
A Dhia uilechumhachtaigh, ghlacamar sacraimint na Cásca. Buanaigh, achainímid ort, a héifeacht inár gcroí. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***
Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**